CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Caoineadh Liam Uí Raghallaigh agus a thuras aduaidh
Authors	Ó Gealbháin, Ciarán
Publication date	2013
Original Citation	Ó Gealbháin, C. (2013) 'Caoineadh Liam Uí Raghallaigh agus a thuras aduaidh', in Ní Shiadhail, N., Ní Úrdail, M. and Uí Ógáin, R. (eds). Sealbhú an Traidisiúin, Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann, pp. 13-24. isbn 978-0-9565628-4-5
Type of publication	Book chapter
Rights	© Na húda / Comhairle Bhéaloideas Éireann
Download date	2026-11-07 00:17:52
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/13514

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

CAOINEADH LIAM UÍ RAGHALLAIGH AGUS A THURAS ADUAIDH[1]

CIARÁN Ó GEALBHÁIN

Réamhrá

Cuirtear an t-amhrán táscmhar *Caoineadh Liam Uí Raghallaigh*, nó *Reilly an Chúil Bháin* mar is fearr aithne i gCúige Mumhan air, i mbéal mná óige (Neilí Nic Shiúrtáin go minic), ar bádh a fear céile lá a bpósta, rud a d'fhág ina maighdean, ina brídeach agus ina baintreach in imeacht aon lae amháin í. Tá sé sa seanchas go raibh an sagart á bhreith abhaile i mbád ag an Raghallach agus ag a pháirtithe tar éis a phósta siúd nuair a chuaigh an soitheach go tóin poill agus cailleadh a raibh inti. Tá fianaise áirithe ann gur i gCo. Mhaigh Eo a tharla an tubaist atá á cásamh sa chaoineadh, agus tá glactha go forleathan leis an tuairim sin.[2]

Is abhar suime é, más ea, gur chuaigh scaipeadh chomh mór san air go bhfaightear insintí éagsúla ar an scéal fud fad an chósta, ó Thír Chonaill go Rinn Ó gCuanach. Dob fhéidir a rá i dtaobh na n-amhrán san a fhaightear in a lán contaetha, i bhfad óna chéile, gur comhartha é sin ar a shine atáid.[3] Is dóigh liom féin, sa chás áirithe seo, gurbh é an scéal tromchúiseach tragóideach atá á eachtrú sa chaoineadh is príomhchúis leis an leathantas a fuair sé: as an osna is troime, a deirtear, a shileann an ceol is binne. Fé mar a mheabhraíonn Breandán Ó Madagáin (1985, 144):

> Fundamental to the tradition of Irish song was its function as an instrument for the direct expression of emotion, using the enhanced powers of both verse and music, on occasions when feelings were such that ordinary speech was inadequate.

San aiste seo, caithfear súil ar dhornán leaganacha éagsúla den chaoineadh ar an Raghallach, sara ndíreofar ar insint a fuaireas féin in Earrach na bliana 2011 ó Mháire Bateman, Bean Chúndún, ó Cheann an Bhathala i Rinn Ó gCuanach, insint ar díol suntais í ar mhórán cúiseanna, mar a chífear ar ball.

Mar a cuireadh an caoineadh i gcló

Cuireadh *Caoineadh Liam Uí Raghallaigh* i gcló go mion minic anuas trí sna blianta. Agus é á chur inár láthair aige i *Nua-dhuanaire* III (1978), mar shampla, dúirt Tomás Ó Concheanainn go raibh aige ó fhear de bhunadh na háite, i.e. ó Mhícheál Mac Énrí,

---

[1] Táim buíoch den Dr Proinsias Ó Drisceoil agus den Dr Stiofán Ó Cadhla as nithe áirthe a roinnt liom agus an aiste seo á réiteach; den Dr Seán Ó Duinnshléibhe agus den Dr Meidhbhín Ní Úrdail as dréachtaí di a léamh dom; den bhfile Áine Uí Fhoghlú as an leagan Déiseach den gcaoineadh seo a chur ar mo shúilibh dom an chéad lá. Táim go mór faoi chomaoin ag Máire Bateman, Bean Chúndún, ó Cheann an Bhathala i Rinn Ó gCuanach, as *Micí Reilly* nó *Reilly an Chúil Bháin* mar a bhí ag a seanmhuintir a roinnt go fial flaithiúil liom.

[2] Tuigtear an focal *caoineadh* sa chiall is leithne san aiste seo; cf. Ó Madagáin (1985: 155-6):'Although keening, most likely, had its origin in pagan religious ceremony, and retained very distinctive characteristics in music, verse, and usage, it would be pedantic and misleading to categorise it as something altogether apart from the song tradition in the folk mind, at least by our period [an 19ú haois]'.

[3] Táim buíoch de Liam P. Ó Murchú as an tuairim seo a phlé liom.

Beannchor [Baingear], Iorras, gurbh fhile áitiúil, Micheál Mág Raith, nó 'Micheál na nAmhrán', a chum uair éigin roimh 1800, agus gurbh i Sruth Fada Con, amach ó bhéal Abha Ghleann na Muaidhe a tharla an tubaist (1978, 77).[4] Iar-oide scoile, agus bailitheoir speisialta de chuid Choimisiún Bhéaloideasa Éireann a bhí ag cnuasach leis idir na blianta 1954-64 ba ea Mac Énrí (1888-1991), fear de réir Mhíchíl Briody (2007, 442) a bhí ar an mbeagán san bailitheoirí nár cuireadh orthu, ar chúis amháin nó ar chúis eile, dialann oibre a choimeád.[5]

D'aontaigh Seán de Búrca, in alt dá chuid a foilsíodh sna mionseascaidí, leis an tuairim gur i gCo. Mhaigh Eo a cumadh an caoineadh, ach chuir sé ar na súilibh dúinn, ag caint do ar leagan a bhailigh sé féin sa dúthaigh sin arís, nach é 'an déanamh céanna atá ar na línte sna ceathrúna' uile 'agus fós nach é an fear báite amháin a luaitear sa tuiseal gairmeach' (1961, 35). Leid is ea í sin, dar leis, go raibh níos mó ná an t-éinne amháin páirteach i bpróiseas na cumadóireachta — an bhaintreach agus duine amháin eile ar a laghad desna mná caointe, ba dhóigh leis.

Más i gCo. Mhaigh Eo a cumadh é, áfach, aithnítear inniu go bhfuil dhá mhórleagan ar an gcaoineadh seo ar mairthean: leagan Connachtach ar thug Tomás Ó Concheanainn (1978, 77) 'an bunleagan air', agus leagan Muimhneach a dtugtar coitianta *Reilly an Chúil Bháin* air. Cíoradh go maith agus go mion raidhse leaganacha den chaoineadh céanna ón dá bhall sin i ndaichidí, i gcaogaidí agus i seascaidí na haoise seo caite in *Éigse*. Ba é Gearóid Ó Murchadha, nó Gerard Murphy, a chéadspreag an cur is cúiteamh ina thaobh, nuair a d'fhoilsigh sé leagan de a fuair sé ó Phádruig Ó Míleóin (1948, 19-22). *Lament for Reilly by his Widow* an teideal a bhaist sé ar an leagan áirithe sin, dar tús:

> Ar maidin Dé Domhnaigh, a's mé ag siúl cois na trá,
> cé casfaí ionsan tslí orom ach Reilly an Chúil Bháin?
> Bhí luisne 'na ghruana, a's a ghruaig ag *curl*áil.
> Is é mo lán-bhuaireamh mar fuair sé uam bás!

Is é seo an véarsa is príomhthréith, b'fhéidir, do leagan na Mumhan. Seo a leanas mar a bhailigh Kenneth Jackson ó Pheig Sayers é sa bhliain 1934:

> Tránhúinín aoibhin is me 'siúl cuis na trá
> cad a casfaí ansa' tslí oram ná *Reilly* an chúil bháin;
> do bhí luisne 'n-a ghruanna is a ghruaig a' curláil,
> is mo cheasnaí go múr thu mar do fuairis uam bás! (Jackson 1950, 112)

---

[4] Feic CBÉ 1234: 522-43, mar a bhfuil cuntas cuimsitheach ar an bhfile seo ó Ghleann an Ghad, agus ar chuid de na hamhráin a chum sé, ag 'Micheal Corduff, The Lodge, Rossport, Ballina, Co. Mayo' dar dáta 12 Aibreán 1952. Cuireadh an file, de réir na tuairisce céanna, 'in the ancient cemetery of Kilcommon in Poulathomas'.

[5] D'fhostaigh an Coimisiún Béaloideasa líon beag bailitheoirí speisialta i gceantracha éagsúla i gcaitheamh na gcaogaidí agus sna mionseascaidí. Múinteoirí scoile a bhí ar scor ón obair ba ea cuid acu, agus ba é an dála sin ag Mac Énrí é. Deir Briody: 'Special collectors were on what amounted to approximately a half salary. They were not expected, it would appear, to do the same amount of work as full-time collectors, but their duties were similar to those of the latter. In the case of retired schoolteachers, their pension would have supplemented their Commission salary' (2007, 241).

Ní gheibhtear an véarsa seo i leaganacha Chúige Connacht, agus thuairimigh Murphy (1948, 22) go raibh sé ar cheann desna véarsaí '[which] may perhaps not have belonged to the original lament'. Thacaigh Seán de Búrca (1961) leis an tuairim seo roinnt bheag blianta ní ba dhéanaí nuair a thuairimigh sé go bhféadfaí an véarsa áirithe seo a rianú siar go tús an naoú céad déag, tráth a chéadfhaightear an caoineadh féin i bhfoirm bailéid, agus tionchar na mbailéidí, dar leis, le léamh ar an véarsa áirithe seo. Thuairimigh an Búrcach chomh maith gur véarsa eile a cuireadh leis an mbuntéacs é an véarsa a gheibhtear go minic ann ina gcuirtear mallacht ar lucht déanta an bháid, 'gur cineál aguisín é, a cuirtí le caointe den chineál seo, gan [é] a bheith ceangailte le ceann áirithe ar bith acu' (1961, 35). Is véarsa é a dtáinig an-scaipeadh air, más fíor do, agus tagann an mhóitíf ann chun cinn in an-chuid insintí éagsúla den chaoineadh a cumadh ar an Raghallach i gCúige Chonnacht agus i gCúige Mumhan araon. As leagan Connachtach a tógadh an véarsa seo a leanas, mar shampla:

> Mo mhallacht do na saortha a rinne an bád,
> Nachar aithris dom féin go raibh an t-éag insna cláir!
> Dá dtéitheá go Coill Tóchair agus an t-adhmad a cheannacht daor,
> Ní báifí mo stórsa ar chóstaí *Malbay* (Ó Máille 1991[2], 77).

Is véarsa suimiúil é seo ó thaobh an bhéaloidis de. Tá sé sa seanchas go mbíodh a fhios ag an saor, agus an bád á thógaint aige, cad a bhí i ndán di ón tslí a mbainfeadh an plána scamhachán anuas den adhmad, b'fhéidir, nó ón tslí a ndéanfaí táirne a bharradh ann. Deir m'uncail féin liom, fear a dhein go leor coití agus geoltaí ar bhruach na hAbhann Móire anuas trí sna blianta, gur mhinic a chonaic sé saoir ag tosnú as an nua arís ar lúbadh an tslat boird, nó an ghunail, toisc nach mbeadh an chéad iarracht chun a sástachta, agus tuar míratha éigin léite ar an obair acu.[6]

Labhrann Gerard Murphy chomh maith (1948, 21) ar *Caoineadh Raghallach an Chúil Bháin* a d'fhoilsigh 'Finghín na Leamhna', nó Fionán Mac Coluim, in *An Lóchrann* (Bealtaine 1909). Tá fíorchosúlachtaí idir é agus an leagan seo thuasluaite an Mhíleóinigh a chuir Murphy i gcló, ach amháin go ndeirtear ann go raibh an Raghallach 'ar an dtriúr úd do chuaidh anunn go Cill Seanaigh', seachas 'anunn go Cill Chuinne' mar a gheibhtear níos minicí ná a chéile é sa chaoineadh, agus fós: 'the correctness of which, whether it stands for the well-known Kilkenny, or for some other place of the same name, is rendered probable by the rime' (Murphy 1948, 21).

Má fhéachaimid arís ar an leagan a chuir Tomás Ó Concheanainn ar fáil, chífear gurb é atá le léamh ina áit seo ná 'Bhí tú ar an triúr úd a fuaidh go Cill Chomáin [in Iorras]' (1978, 16), rud a thugann breis údaráis don tuairim gur ar eachtra i gCo. Mhaigh Eo atá an caoineadh bunaithe. Tugaimis fé ndeara, mar sin féin, nach sásaíonn an siolla deiridh an chluas baol ar chomh maith is a shásódh an áitainm 'Cill Chuinne' í san ionad céanna! As breis agus scór go leith éigin leagan a scrúdaíos féin le gairid, idir insintí Connachtacha agus insintí Muimhneacha, d'aimsíos 'Cill Choinne' nó 'Cill Choinnigh' ina leath, rud a labhraíonn b'fhéidir ar a chirte atá an fhoirm sin, nó díorthú éigin de, san ionad áirithe seo den chaoineadh.

---

[6] Comhrá pearsanta le Jim Power, An Chúil Bheathach, An Chlais Mhór, Co. Phort Láirge, 28 Aibreán 2011.

Chuir Ciarán Mac Mathúna leagan i gcló, i bhfochair dhá insint eile den chaoineadh ón naoú haois déag, a bhfuil 'chuile sheans', dar leis, 'gurb iad na leaganacha is sine dá bhfuil le fáil' iad (1955, 35). As bileog bhailéid chló-bhuailte, atá ar coimeád sa Leabharlann Náisiúnta, a sholáthraigh sé an chéad bhlúire, fad is gur i lámhscríbhinní a tháing sé ar an dá cheann eile. Maidir leis an mbileog bhailéid, dar teideal *A New Song called Reilly an Chuil Vawn*, níl dáta ná ainm chlódóra curtha léi fé mar a bheifí ag súil leis, ach 'is follas gur leagan Muimhneach' den chaoineadh é, dar le Mac Mathúna, agus tuairimíonn sé 'gur leagan Corcaíoch é, a cuireadh i gcló i gCorcaigh, mar ar cuireadh an oiread sin bailéidí amach sa chéad leath dhon 19ú aois' (1955, 35). Go deimhin, tá an leagan áirithe seo ag teacht go mór leis an gcaoineadh a fuaireas féin ó Mháire Bateman, Bean Chúndún, i Rinn Ó gCuanach in Earrach na bliana 2011. Ó thaobh na hortagrafaíochta de, ní beag é líon na n-amhrán Gaeilge a cuireadh i gcló ar an gcaoi seo i mblianta tosaigh an naoú céad déag, agus faightear léirstean iontach iontu ar luathré chlódóireacht na Gaeilge ins na háiteanna sin a raibh nós ghraifneóireacht na teanga titithe go mór chun deiridh, fá sna cathracha mar shampla, agus leas á bhaint, dá réir sin, as litriú an Bhéarla chun Gaeilge a scríobh:

> Er maddin dea loun dhum is me shule cush na traw,
> Prey cosfee insa ilee orrum ach Reilly an chuel vawu,
> Do vee lusna yrouna is a yroug a cuilawel
> She mo velle agus mo voura mor fhour she shuid laws (Mac Mathúna 1955, 36).

Chuir Colm Ó Lochlainn dhá leagan eile den chaoineadh i gcló (1961), leagan Gaeilge agus leagan Béarla, ar ó bhileog bhailéid arís an ceann deireanach seo. Maidir leis an leagan Gaeilge de, is cumasc de dhá insint éagsúla é, a bhfuarathas ceithre véarsa de sa bhliain 1912 ó Mháirín Ní Ghuairim, cailín óg dhá bhliain déag d'aois, as Roisín na Mainiach, Carna, agus véarsaí breise a fuarathas i Ros Muc snaidhmthe suas leo. Bhí anthóir ar scéal an Raghallaigh i gConamara, rud is follas ach súil a chaitheamh ar *Clár amhrán Bhaile na hInse*,[7] mar shampla, nó fós ar *Clár amhrán Mhaigh Cuilinn*.[8]

Pé scéal aige sin é, mheas Ó Lochlainn gur leagan an-shásúil a leagan féin den chaoineadh, agus é sin á áiteamh aige: (i) as feabhas na meadarachta ann; (ii) a shásúla a luíonn na focail leis an bhfonn a d'fhoilsigh Petrie agus Joyce de; (iii) ar an mbonn go bhfuil na háiteanna a luaitear ann 'within easy reach of one of the Conamara islands' (Ó Lochlainn 1961, 44). Ar iniúchadh a dhéanamh ar na leaganacha ar fad, d'áitigh sé 'that the Cárna-Ros Muc one is the nearest to the original song' (Ó Lochlainn 1961, 44). Is mó fós ár suim, b'fhéidir, sa mhéid a deir Ó Lochlainn i dtaobh an leagain Bhéarla aige: 'A new song called Mary Jordan's lament for the loss of her lover who was married in the morning and drowned that night'. Is í 'Mary Jordan' Neilí Nic Shiúrtáin na leaganacha Gaeilge, ar ndóigh. Áitíonn Ó Lochlainn gur tógadh é 'from a printed ballad sheet in my collection, datable about 1850. It may serve to date the event, as no doubt the occurrence was still recent when the song was part of the wandering ballad singers' sheaf' (1961, 41).

---

[7] Sé leagan faoin gceannteideal *William Reilly* (Ní Fhlathartaigh 1976, 138-40).
[8] Naoi leagan faoin iontráil *Liam Ó Raghallaigh* (Ó Con Cheanainn 2011, 148-50).

Níor cheart aon amhras a bheith orainn, áfach, ach go raibh an cruachás seo na baintrí óige lonnaithe go maith i mbéal an phobail fén dtráth sin, mo thuairim. Maidir leis an dá leagan lámhscríbhinne a chuir Ciarán Mac Mathúna (1955, 37-9) ar fáil, mar shampla, is fiú dul amach ar cheann acu ósna Déise atá i lámhscríbhinn RIA 23 E 1. I litir le 'Michael Kinsella' as 'Knockhouse' i gCo. Phort Láirge, a scríobh sé go James Hardiman sa bhliain 1826, a gheibhtear é agus scríofa ina bharra tá: 'A woman courted by two men was married to one and killed by another'.[9] Is deocair an ráiteas seo a réiteach le haon eolas eile ar *Caoineadh Liam Uí Raghailligh*, agus is é mo thuairim féin go bhfuil dhá chaoineadh éagsúla tugtha le chéile san insint seo, fé mar a tharlaíonn go minic sa traidisiún amhránaíochta. Go deimhin, tá an caoineadh *An Bhain-treabhach 's an Mhaighdion* a chuir Seán Ó Dálaigh i gcló in *The poets and poetry of Munster* (1850) ag teacht go han-mhór leis. Bhí Ciarán Mac Mathúna (1955, 36) den tuairim go raibh leagan Uí Dhálaigh bunaithe ar an leagan in RIA 23 E 1.[10] Tharlódh go raibh aithne ag an Dálach ar an Michael Kinsella thuas ón uair go mba Dhéisigh iad beirt, agus gur uaidh a fuair an Dálach an leagan a chuir seisean i gcló, dar tús:

> As maighdion 's as bain-treabhach do rin Dia go h-óg díom,
> Ní bínn liom an chreidhill-si gabhail tímchioll mo nuadhchair;
> Ba bhean-phósda ar maidin mé, o'n Eaglais chomhachtach,
> 'S as bain-treabhach m'ainim ar theacht do'n tráthnóna (1850, 142).

'We cannot trace the author, or rather the *authoress* of this song' a scríobh an Dálach, agus fós, 'That it was composed during the campaign of King James in Ireland need not be questioned' (1850, 142-3).[11] Tugann san méar ar eolas dúinn go mb'fhéidir gur caoineadh eile ar fad é seachas an ceann is cás linne anseo. Is cosúil, i ndeireadh na dála, gur scéal a gheibhtear coitianta go leor sa bhéaloideas é, mar atá, cás na hógmhná a raibh sé de chrann uirthi a bheith ar uireasa céile tráthnóna a pósta.[12]

Tá go leor insintí ar an scéal, dála *Caoineadh na Baintreabhaighe Óige*, a chuir Énrí Ó Muirgheasa i gcló in *Céad de cheoltaibh Uladh* (1915, 140) mar shampla, nach dtráchtann ar an Raghallach in ainneoin go mba shloinne Ultach, sloinne Breifneach, é.[13] In Albain, cloistear *Cumha Mhic-an-Toisic* nó '*Mackintosh's Lament* [which] has commonly been considered one of the oldest pibrochs in the piper's repertoire, dating as far back as the early 1500s ... Oral traditions connect [it] ... with a Mackintosh chief who was thrown off his horse and killed on the day of his marriage' (Stewart, MacDonald 1998). Dob fhéidir an tuairim a chaitheamh mar sin gur móitíf í seo, an bhean óg nua-phósta a fágadh gan chéile oíche a pósta, a bhfuil eiseadh saor ar fad ar *Caoineadh Liam Uí Raghailligh* aici, agus gur sine ná an caoineadh a cumadh ar an Raghallach na línte úd is treise agus is buaine ann.

---

[9] Mac Mathúna (1955, 36).
[10] Feic, leis, Ó Concheanainn (1966, 263).
[11] Is de dhroim na tagartha a deintear don 'Righ Séamus' i véarsa a trí a áitíonn an Dálach é sin, is é is dóichí.
[12] Feic, mar shampla, Thompson (1957, 97) don mhóitíf N339.4: *Groom killed by bolt of lightning on wedding night*.
[13] Tá go leor véarsaí as amhráin eile fite fuaite ann sa tslí is nach bhfuil sé ag teacht le haon leagan eile ar a dtáinig mé go nuige seo.

Brí an chaointe féin: fianaise an tseanchais

Sa mhórshaothar aige ar scéalamhránaíocht na tíre seo, pléann Hugh Shields 'brí', 'míniú', nó 'údar' amhráin, agus é ag tagairt don tráchtaireacht a gheibhtear go minic fara amhrán, a bhronnann brí air, a chuireann le tuiscint an éisteora ar a bhfuil fé chaibidil ann, agus a fhéachann lena chur i láthair don phobal mar fhoinse bharántúil eolais. Ba nós le hamhránaithe scéal amhráin a thabhairt i dtosach nó i ndeireadh na hinsinte acu, rud a bhronnfadh breis údaráis, ní hamháin ar an amhrán féin, ach orthu siúd, leis, mar dhaoine a raibh dul amach ar an seanchas acu. B'fhéidir go mba thábhachtaí é ná aon chur i láthair amhráin, babhtaí: cuimhnímis nach ar an gceoilsí amháin a bhí aghaidh an phobail, óir ba mhinic meas mór, leis, ar an té a bhí ar bheagán binnis, ach a bhí go maith in ann scéal a chur trasna. Bhíodh leagan an-bheacht d'údar an amhráin ann agus cheartaítí iad súd nár thug leo go cruinn é. Ba ghnách le Labhrás Ó Cadhla (1889-1961) sna Déise, cuirim i gcás, seoladh isteach cuimsitheach go maith a thabhairt ar a chuidse amhrán, fé mar a dheineadh Seosamh Ó hÉanaí (1919-1984) é agus go leor leor eile.[14] Is trua, mar sin, gur tearc iad na cuntaisí seo, ó bhéal na n-amhránaithe féin, a gheibhtear sna bailiúcháin mhóra ceoil againn.

Faightear a leithéid de chuntas fara leagan de chaoineadh an Raghallaigh a dtugtar sa lámhscríbhinn *An Báitheadh* air, a bhailigh Mícheál Mac Énrí (an bailitheoir speisialta de chuid Choimisiún Béaloideasa Éireann a luadh ní ba luaithe anseo), ó Phádraig Ó Deagánaigh, nó Páraic Deane, as Ceathrú na gCloch, Co. Mhaigh Eo.[15] Feirmeoir agus iascaire ba ea Pádraig a raibh seachtó bliain d'aois aige nuair a tógadh an 'seanchas' seo uaidh, lá Lúnasa 1960:

> Bean dar b'ainm Neilleóg Ní Shiúrtáin a phós fear go na Raghallaigh, agus an lá ar pósadh iad bhí cruinniú mór ag an mbainfheis, agus tháinic go leór aca treasna i mbád. Bhí sult is sionsa aca ag an mbainfheis, agus nuair a bhí lucht na bainse ag imtheacht abhaile, chuaidh an Raghallach, an fear nuadh-phósta leofa le na gcur treasna sa mbád. Thárla mí-thapadh éicínt go'n bhád agus báitheadh an Raghallach — níl a fhios 'am ar báitheadh éinne eile, acht báitheadh eisean, agus bhí éagcaoin mhór in a dhiaidh. Nuair a chuala a bhean, Neilleóg Ní Shiúrtáin an sgéal brónach a bhí aici bhí a croidhe bristí agus chum sí [f]héin an t-amhrán le teann bróin in a dhiaidh (CBÉ 1585: 359-60).[16]

Tráchtann Hugh Shields ar an nós, ar sampla de é seo thuas measaim, '[where] a spoken commentary may at times accompany songs which are, or seem to be, in themselves complete. It is as if familiar practice generated spoken documentation even when it was not strictly needed' (1993, 64). I gcás na tuairisce a gheibhtear ar an 'Bhuille Mhór' sa sliocht chéanna, áfach, tá sonraí úra á soláthar ag an bhfaisnéiseoir nach mbeadh le baint as an amhrán féin:

---

[14] Mar shampla, *Amhrán Shéamais Uí Chonchúir* (Mac Con Iomaire (2007, 495-96, agus rian 7) agus *Pilib Séimh Ó Fathaigh* (Ó Cadhla 2000, rian 2).

[15] Feic Mhac an Fhailigh (1950) mar a bhfuil insint eile ar an gcaoineadh i gcló leis an bhfaisnéiseoir céanna.

[16] Is le caoinchead Stiúrthóir Chnuasach Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, atá a bhfuil de shleachta ón gcnuasach féin á bhfoilsiú san aiste seo.

> Buille a thuganns muinntir na háite ar maide rámha, agus an 'Bhuille Mhór' sin í an chéad mhaide rámha — an ceann is goire go toiseach an bháid. Bíonn cúram mór ar an bhfear a bhíonns ar an mbuille mhór le dearcadh roimhe go bhfeic[f]idh sé bhfuil tonntracha móra ná tonntracha bristí ag teacht air, le n-innsint go na fir eile céard ba cheart dóibh a dhéanamh, cúlú beagán b'fhéidir, nó iomramh go teann ar bhord amháin, i riocht is go n-éireochadh an bád ar an tonn sin ná go scoilt[f]eadh sí é. Bhí an bhean bhocht í [f]héin ag leagan amach dá mbeadh sí [f]héin ar an mbuille mhór go stiúrfadh sí an bád i gceart agus nach mbáithfidhe í. Bean mhaith iomraimh a bhí innti mar bhí sí déanta ar bháid agus ar iomramh ó bhí sí óg. Bád iomartha cúig throighe déag ar fad a bhí sa mbád a báitheadh (CBÉ 1585: 360-1).

Ní hionadh go rachadh iascaire amach ar sheanchas farraige mar seo, agus chítear údarás breise á bhronnadh ar an insint aige sa chuntas a gheibhtear uaidh ar an 'Bhuille Mhór', sa dearbhú go raibh an óigbhean 'déanta ar bháid agus ar iomramh ó bhí sí óg', agus, go deimhin, sa chur síos cruinn ceart a déantar ar an mbád féin. Má bhíonn an dá insint déag ar amhrán, is mó insint fós a bhíonn ar an scéal a ghabhann leis, chítear dom. Nuair a d'iarr Mícheál Ó Cuileanáin ar Mháire Ní Chéadogáin (Bean Mhic Mhurchú), bean chomharsan leis ag fás aníos do in iarthar Chorcaí, uair éigin i mblianta tosaigh na haoise seo caite, cad é an bunús a bhí le *Mac Uí Raghalla an Chúil Bháin*, fuair sé an cuntas seo a leanas air:

> Sa tsean-aimsir, a lao, ní sa tséipéal a póstaí daoine, ach i dtigh na mná óige, agus d'fhanadh an sagart ar an mbainis, agus b'fhéidir go ndéarfadh sé amhrán nú d[h]ó agus a sláinte ól chomh maith le fear. An sagart do phós an lánú úd bhí sé críona, agus bhí ghó [= a dhóigh] thar uisce aige — abha nó calaith nú góilín faraige — nú b'fhéidir gur dul abhaile a theastuigh uaidh. Chuaidh an fear nua-phósta agus beirt eile bhí ar an mbainis in aonacht leis i mbád chun é chur anunn. D'fhágadar thall go slán sábháltha é, agus ba dhícheall dóibh é. Ar a bhfille féin abhaile, trí thionóisc éigin ná feadar-sa, do báthadh an triúr — slán mar a n-instear é — agus dhein an bhean óg an caoine nuair a chuala sí an tásc (Ó Cuileanáin, 1955: 33-4).

Nuair a cheistigh Ó Cuileanáin ansan í maidir leis an dáréag de mhná mánla a chaoin an fear báite, d'fhreagair Máire:

> Cúpla glún siar, a lao, aon chleit[h]ire breá d'fhear óg dhathúil a báití, do ceapaithí gurbh í Clíona d'fhuadaíodh é chun bheith mar chéile aice féin agus go gcuireadh sí a mná sídhe chun é bhádh agus do bhreith chúichi féin (1955: 34).

Fáiscthe as saíocht an tseanshaoil, nach álainn an méid sin mar léamh ar an scéal!

Mar le brí an chaointe, tá cur síos breá logánta eile le háireamh i bhfochair leagain Déisigh den amhrán ar a dtugtar *Caladh Dhrom Móir* agus a ndúirt Gerard Murphy ina thaobh gurbh é 'Perhaps the most pleasing version yet printed' é (1948, 22). Ba é an file iomráiteach ó Shliabh gCua Pádraig Ó Milléadha (1877-1947) a bhailigh ó Sheán Ó hAirt, Cnoc an Reatha, Béal na Molt, 'fear breágh, croidhe-léiseach' de réir Uí

Mhilléadha, ‘a bhfuil go leor seanchais ar an tsean-aimsir aige, agus slighe dheas aige chun scéil d’innsint’ (1936, 254). Seo mar mhínigh sé an scéal:

> Fear óg ó thimcheall Chnuic an Óir ar an taobh thiar de’n Abha Móir a pósadh. Bhí sagart ag an bpósadh agus fear aosda ba eadh é. Bhí an sagart ag dul abhaile tráthnóna lae an phósta, agus chuaidh an fear nuadh-phósta agus beirt eile ’á thionnlacan. Bhíodar ag dul treasna Caladh Dhrom Móir, agus d’iompaigh an bád fútha. Báthadh iad go léir. Dhein an bhaintreach an t-amhrán caointe seo dhá fear:
>
> Nach fada tá an triúr úd a chuaidh go Cill Choinne,
> Ag tionnlacan an Athar Peter is é i n-aois a cheithre fichid.
> Tá mo shúil-se i n-aghaidh an lae leo, ach foríor, ní chasfaid;
> Is nach trua sin bean ’n-a haonar ’sa céile fé’n ngaise
>
> Im’ bhaintreach ’s im mhaighdean a fhág Dia go h-óg mé,
> Ó chailleas mo chéile a dhéanfadh dom fóirthint;
> ’Sé do sheomra ’tá go gleóite, ach go deó ann ní chasfair,
> Mar i gCaladh Dhrom Móir shíos a cóirigheadh do leaba.
>
> An cuimhin leat-sa an lá úd bhí an tsráid seo lán d’fhearaibh,
> Idir shagairt agus bhráithre ’s iad ag trácht ar ár n-ainm?
> Bhí ceól fidil ós cionn cláir ann, ’s an chláirseach ’á freagairt,
> Is dháréag de mhná’ mánla ag cur mo ghrádh gil chun leabthan.
>
> ’Sé mo léan, a Mhic Uí Raghallaigh, gan tú id’ chliamhain ag m’athair,
> Is cuirtíní geala gléigeal’ le taobh deas do leabthan.
> Do leanbhaí nár tháinig a bheith láimh leat fé mhaise,
> Is banaltra na gcuacha bána ag gáireadh na n-aice.
>
> Is truagh liom do mháthair, ’s níor d’áirmhigheas fós t’athair,
> Is banaltra na gcuacha bána a tháil ort id’ leanbh;
> Is dhá thruagh í do bhean phósta, ’sí nár chóirigh riamh do leaba;
> ’S nuair shíl sí bheith ad’ phógadh ’s ar do thórramh a bhí an bhainis (Ó Milléadha 1936, 191-2).

Díol suime duinn is ea é gur tháinig caoineadh eile anuas chugainn dar teideal *Caoineadh d’Éamonn Breathnach*, mar a ndeintear tagairt dhíreach do chaladh Dhrom Móir i gcur síos ar eachtra thubaisteach áirithe inar bádh fear óg.[17] B’fhéidir, mar sin, go bhfuil dhá shnáth á dtarraingt le chéile san insint seo ón gCnoc Buí ar an scéal. Go deimhin, tagann bréithre DuBois chun cuimhne anseo: ‘Personalisation is inevitable ... because the experience of art is always personal, subjective’ (2006, 212). Leis an seoladh isteach seo ar an amhrán, mar sin, tá a chuid féin déanta den chaoineadh, agus brí úr, leis, bronnta air ag an bpobal sin in iarthar Déise a shealbhaigh.

---

[17] Feic Ó hÓgáin (1994, 144-6) mar a bhfuil leagan den chaoineadh seo a bhailigh Liam de Noraidh (1888-1972) ó Phádraig ‘Bobby’ Ó Laighin (75), Bun an Tairbh, Lios Mór, Co. Phort Láirge, ar 3 Iúil 1940.

'Micí Reilly' nó 'Reilly an Chúil Bháin' i Rinn Ó gCuanach

Dírím anois ar deireadh ar an leagan den gcaoineadh a roinn Máire (nó Mary-Ann) Bateman, Bean Chúndún, liom in Earrach na bliana 2011. Bhí tine bhreá ghreadhnach sa ngráta nár cheil an teas ar a raibh ar an tinteán ina tigh i gCeann Heilbhic an oíche úd. Saolaíodh Mary-Ann i dtriochaidí an chéid seo caite. Tá a saol caite ag amhrán aici agus guth an-bhinn fós aici, bail ó Dhia uirthi. Cé gur i dtigh a muintire a bhí an seanchas féin, ní hann a tógadh Mary-Ann. Sciob an eitinn a máthair uaithi sara raibh aon bhliain amháin slánaithe aici agus tógadh i gCeann an Bhathala í i ngeall air sin. Is óna seanmháthair, Ailí Bheag Ní Chonchubhair, nó Ailí Connors (a fuair na hámhráin óna máthair féin, de réir dealraimh) a thóg Mary-Ann a bhfuil aici díobh.[18]

Micí Reilly nó *Reilly an Chúil Bháin* a bhíonn aici féin air — truailliú, b'fhéidir, fé mar a dúras ní ba luaithe, ar fhoirm an ghairmigh a éiríonn amach sa chaoineadh nuair a labhrann an óigbhean go díreach lena leannán caillte. Seo a leanas mar a d'inis Mary-Ann dom é, an treas lá de Mhárta 2011:

Istoíche Dhé Domhna' 's me a góilt soir cois trá,
Cé chasfaí orm san oíche ach *Reilly* an chúil bháin;
A raibh ' luisne 'na ghruanna is a ghruaig bhuí ' *curl*áil,
'Sé mo chumha tú, a mhic Í *Reilly*, mar a dheineadh tú ' bhá!

'S is baintreach 's is maighdean a dhein Dia dhíom go hóg,
Nó an dté dhaoibh a dhaoine[19] mar a bhádh mo dhianstór?
A raibh ' luisne 'na ghruanna is a ghruaig bhuí ' *curl*áil,
'Sé mo chumha tú, a mhic Í *Reilly*, mar a dheineadh tú ' bhá!

'S an saor a [dhein] an bád so an dá lámh go gcailleadh,
Ní hé ' thabharfainn ciontach ach an seannta [= siúnta] a bhí sa déil,
'Á raghainn go Cionn tSáile a d'iarraidh déil a bhí daor
Ó ní bheadh mo ghrá báite ar sráidín Chill Dara.

'S is beag a shíleas an lá úd go mbeadh an tsráid san lán d'airm,
Dhe shagairt 's de bhráithre 's iad ag trácht ar ár mannar,[20]
Bhí ceol fidil ós cionn chláir ann 's an chláirseach á fhreagairt
Agus dháiréag mná bán' ann ' cur mo ghrá-sa chun leapan.

---

[18] Feic Mac Craith mar a bhfuil cuntas gairid ar Ailí Connors agus ar mhuintir Cheann an Bhathala i gcoitinne i dtriochaidí na haoise seo caite: 'Ní raibh i Déiseachaibh, ní raibh, ná in Éirinn dá n-abrainn é, baile ab fhearr Gaedhealuinne agus muintear ab fhearr chun a labhartha ná Ceann an Bhathala agus muintear Cheann an Bhathala. Agus bhí canúin dá gcuid fhéin acu ná raibh ag teacht ar fad le gnáthchanúin na Rinne. Insna triochaidí nuair a dhein Nioclás Breatnach bailiúchán béaloidis ann scrigh sé amhráin ó mhórsheisear amhránaí maith ... Ní mhaireann inniu de amhránaithe an bhaile ach Máire Bateman, Bean Chúndún, iníon iníne dho Risteard Tóibín agus do Ailí Bheag Ní Chonchubhair' (1999, 123-4).

[19] Is dócha gur 'Nó an é nár mhaith libh / nach féidir libh a thuiscint' atá i gceist anseo; táim buíoch de Áine Uí Fhoghlú as an bpointe seo a phlé liom.

[20] Tá 'ár mbainis' cloiste chomh maith agam san ionad seo ag Mary-Ann.

Is leagan ar leith é sa mhéid is nach bhfuil an caoineadh seo i gcuimhne sheanóirí an cheantair luaite le haon teaghlach eile sa dúthaigh ach le Tóibínigh Cheann an Bhathala, muintir Mhary-Ann féin, ná ní chloistear anois ag éinne eile é ach ag Mary-Ann amháin.[21] Tá sé leithleach, chomh maith, ó thaobh an cheoil de, go bhfios dom: níor airigh mé ag éinne eile é, ná níl aimsithe in aon chnuasach ceoil agam leagan a thagann go baileach le ceann Mhary-Ann.

Mar bhuille scoir, ní miste aird a dhíriú ar an tríú véarsa thuas, mar a ndeirtear ''Á raghainn go Cionn tSáile d'iarraidh déil a bhí daor / Ó ní bheadh mo ghrá báite ar sráidín Chill Dara'. Nuair a cheistíos Mary-Ann i dtaobh na línte úd, dúirt sí gurbh é a bhíodh ag a seanmháthair ina áit seo ná 'Ní bheadh mo ghrá báite ar sráidín *Kildare*'. Dob é an craoltóir Aindrias Ó Gallachóir (1929-2011), fear a dhein go leor taifeadtaí léi i gcaitheamh na mblianta, a chuir ina luí uirthi tráth an leagan Gaeilge a úsáid, i.e.'sráidín Chill Dara' fé mar a chloistear i gcónaí anois aici é. Cuireann an moladh beag seo Uí Ghallachóir an mheadaracht as a riocht, gan dabht.

Go deimhin, tá leid bheag bhreise sa bhuninsint ó Cheann an Bhathala a bhfuil dul an Bhéarla air, b'fhéidir. As síol a cuireadh nuair a chéadtháinig mé ar an líne úd 'ní báifí mó stórsa ar chóstaí *Malbay*', tá sé de dhásacht ionam anseo an tuairim a chaitheamh go mb'fhéidir gurbh é a bhí sa leagan seo Mhary-Ann tráth in áit 'sráidín *Kildare*' ná 'Sruwaddacon Bay', i.e. Sruth Fada Con in Iorras. Más fíor dom sa mhéid sin, tá fianaise aimsithe sa leagan seo na Rinne a thacaíonn níos fearr leis an tuairim ná mar a dheineann mórchuid insintí eile ar a dtáinig mé go nuige seo, gur as iarthuaisceart Mhaigh Eo don gcaoineadh bunaidh.

[21] Cf. CBÉ 152: 163-4 mar ar bhreac Nioclás Breatnach an t-amhrán céanna ó uncail Mhary-Ann, Liam Tóibín (25), 'sclávaí', Ceann an Bhathala, Rinn Ó gCuanach, ar 21 Nollaig 1935.

FOINSÍ

Briody, Mícheál, 2007: *The Irish Folklore Commission: history, ideology, methodology*. Helsinki.

CBÉ: Cnuasach Bhéaloideas Éireann.

de Búrca, Seán, 1961: 'Caoineadh Í Raghallaigh', *Éigse* 10/1, 35-8.

DuBois, Thomas A., 2006: *Lyric, meaning and audience in the oral tradition of northern Europe*. Indiana.

Jackson, Kenneth, 1950: 'A Blasket version of the lament for Reilly', *Éigse* 6/2, 112-13.

Mac Con Iomaire, Liam, 2007: *Seosamh Ó hÉanaí: nár fhágha mé bás choíche*. Indreabhán.

Mac Craith, Nioclás, 1999: 'Polly', *An Linn Bhuí* 3, 123-9.

Mac Mathúna, Ciarán, 1955: 'Caoineadh Liam Í Raghallaigh. Trí leagan as scríbhinní', *Éigse* 8/1, 35-42.

Mhac an Fhailigh, Éamonn, 1950: 'A Mayo version of the lament for Reilly', *Éigse* 6/2, 114-15.

Murphy, Gerard, 1948: 'Three poems recorded from the recitation of Pádruig Ó Mileóin, an Clochán Dubh, Corca Dhuibhne, Co. Kerry', *Éigse* 6/1, 16-22.

Ní Fhlathartaigh, Ríonach, 1976: *Clár amhrán Bhaile na hInse*. Baile Átha Cliath.

Ó Cadhla, Labhrás, 2000: *Amhráin ó Shliabh gCua*, RTÉ CD 234. Baile Átha Cliath.

Ó Con Cheanainn, Ciarán, 2011: *Clár amhrán Mhaigh Cuilinn*. Baile Átha Cliath.

Ó Concheanainn, Tomás, 1966: 'Moll Dubh an Ghleanna', *Éigse* 11/4, 253-85.

—, 1978: *Nua-dhuanaire* III. Baile Átha Cliath.

Ó Cuileanáin, Mícheál, 1955: 'Mac Uí Raghalla an Chúil Bháin', *Éigse* 8/1, 32-4.

Ó hÓgáin, Dáithí, 1994: *Binneas thar meon I*: *cnuasach d'amhráin agus de cheolta a dhein Liam de Noraidh in oirthear Mumhan*. Baile Átha Cliath.

Ó Lochlainn, Colm, 1961: 'The lament for Reilly. A Conamara version and some notes', *Éigse* 10/1, 39-44.

Ó Madagáin, Breandán, 1985: 'Functions of Irish song in the nineteenth century', *Béaloideas* 53, 130-216.

Ó Máille, Micheál, Tomás Ó Máille, 1991[2]: *Amhráin chlainne Gael*. Indreabhán.

Ó Milléadha, Pádraig, 1936: 'Seanchas Sliabh gCua', *Béaloideas* 6/2, 169-256.

Ó Muirgheasa, Énrí, 1915: *Céad de cheoltaibh Uladh*. Baile Átha Cliath.

Shields, Hugh, 1993: *Narrative singing in Ireland*. Baile Átha Cliath.

Stewart, Margaret, MacDonald, Allan, 1998: *Fhuair mi pog*, CDTRAX132. Edinburgh.

Thompson, Stith, 1957: *Motif-index of folk-literature* V. Copenhagen.